AN ROINN OIDEACHAIS

SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

AN TEASTAS SÓISEARACH

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is í aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe ar gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mórálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le fóras spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh chaitheamh aimsire.

2. Is é aidhm an Teastais Shóisearaigh.

- an t-eolas, an tuiscint; na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
- raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
- iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
- an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
- forás morálta agus spioradálta an dalta a choghú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
- na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal le hEorpa.

3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.

- <u>é a bheith leathan agus meáite</u>: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.
  - <u>ábharthacht</u>: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
  - <u>fiúntas</u>: ba cheart go n-éilofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an

chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

AN ROINN OIDEACHAIS

AN TEASTAS SÓISEARACH

OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

SIOLLABAS

1. RÉAMHRÁ

1.1 An Tábhacht a bhaineann le hOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil

1.1.1 Séard is aidhm don Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ná micléinn a ullmhú don tsaoránaíocht ghníomhach rannpháirteach. Baintear seo amach trí thaiscéalaíocht a dhéanamh ar réimsí saoránachta, sóisialta agus polaitiúla a mbeatha ag am nuair atá daltaí ag forbairt ó pháistí spleácha go hóg-aosánaigh neamhspleácha. Ba chóir dó daltaí eolasacha a sholáthar atá ábalta fiosrú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh, atá oilte agus cleachtaithe ar luacháil mhórálach is chriticiúil, agus atá in ann socruithe is breithiúnais a dhéanamh trí shaoránaíocht mhachnamhach bunaithe ar chearta daonna agus ar fhreagrachtaí sóisialta. Ba choir go mbeadh daltaí den chineál sin ullmhaithe níos fearr chun maireachtail i saol ina bhfuil dúshlán á thabhairt do ghréasáin is do luachanna traidisiúnta, agus ina bhfuil ceisteanna codarsnacha, struchtúir neamhbhuana agus síorcheistiúchán ag teacht sa bhealach rompu.

1.1.2. Tá Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil tábhachtach do gach aon duine. Cuireann sé ar chumas daltaí a n-intinní a úsáid go maith is sochaí atá casta is athraitheach. Cuidíonn sé leo cearta agus freagrachtaí an duine aonair sa tsochaí a thuiscint, mar aon le hoibriú agus nádúr an daonlathais. Déanann cúram do choincheapa, do sheasaimh is do luachanna atá lárnach don tsaoránaíocht forbairt ar acmhainní mórálta is breithiúnacha an dalta. Féachann Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil le bheith éifeachtach agus le daltaí a sholáthar leis na scileanna agus le tuiscint ar mhodhanna oibre a chuireann ar a gcumas breathnú, cinneadh, breithniú agus gníomhú. Trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha foghlama atá struchtúrtha go comhoibritheach cuireann sé ar chumas agus i gcumhacht an dalta a bheith ina d(h)uine óg gníomhach agus rannpháirteach.

1.1.3 Réitíonn na cuspóirí agus prionsabail ghinearálta atá san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil go hiomlán leosan atá i gclár an Teastais Shóisearaigh. Go háirithe, na cuspóirí go ndéanfadh clár an Teastais Shóisearaigh forbairt ar mhuinín phearsanta is shóisialta an dalta, go gcuideodh sé lena bhforbairt mhorálta, agus go nullmhódh sé iad do fhreagrachtaí na saoránachta – is cúraim lárnacha iadsan den Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil.

1.3 Struchtúr an Chúrsa

1.3.1 Ba choir tréimhse ranga amháin, nó a chomhionann, a dháileadh ar an gcúrsa in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil. Cuirfear san áireamh anso, do scoil atá ag oibriú amchlár bunaithe ar thréimsí ranga daichead-nóiméad, cúrsa thart ar **70 uair** d'Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil thar thréimse trí bliana an timthrialla shóisearaigh. In aidhmeanna agus spriocanna an chúrsa d'Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil cuirtear treise ar thábhacht na gcoincheap lárnach, agus ar mhodheolaíochtaí na foghlama gníomhaí, do chur i gcrích an chúrsa go maith. Déanann ábhar an chúrsa comhshnaidhm le ceithre haonad staidéir.

AONAD 1: An Duine Aonair agus Saoránacht

AONAD 2: An Pobail

AONAD 3: An Stát – Éire

AONAD 4: Éire agus an Domhan

1.3.2 Tá ord na gceithre aonad staidéir forbarthach, ag glacadh le daltaí aonair mar a phointe tosaigh agus ansin ag iniúchadh a saoránachta i gcomhthéacsanna na bpobail ina bhfuil siad pairteach, a náisiúin agus an domhain níos leithne. **Níl na haonaid staidéir seo ar leith ó nó eisiatach ar an dá thaobh agus, i ngníomh, is é an toradh a bheidh ar fheidhmiú an chúrsa ná go mbeidh forluí idir ábhair, smaointe agus coincheapa atá comónta do na haonaid go léir.**

1.3.3 I roinn 3 den siollabas taispeántar imlíne tuairisciúil d'ábhar gach aonad. Taispeánainn an imlíne do mhúinteoirí raon agus réimse na n-ábhar, na smaointe agus na gcoincheap (iad uilig curtha chun suntais) ar ghá do dhalta, atá ag críochnú aonaid, a bheith eolasach orthu. **Níl sé ar intinn go mbeadh sé riachtanach staidéar a dhéanamh ar gach aon ábhar. Níl sé ar intinn ach oireach go ndéanfaí tuairisciú go leanúnach ar ábhair laistigh d'aonaid.** B'fhearr go mbunódh múinteoirí an bealach is fearr chun aonad staidéir a eagrú is a struchtúrú le bheith feiliúnach do chúinsí scoile agus do riachtanais a ndaltaí

1.3.4 B'fhéidir go gcinnfeadh múinteoir ar dhíríu ar ábhar nó ar choincheap amháin mar smaoineamh eagraithe don aonad staidéir sin. Mar shampla, d'fhéadfadh 'Forbairt Phobail' a bheith mar ábhar eagraithe ag 'Aonad 2: An Pobal'. D'fhéadfadh príomhghníomhaíocht foghlama an aonaid seo daltaí a tharraingt isteach atá ag déanamh scrúdú ar cheisteanna forbartha pobail sa cheantar áitiúil. Timpeall na hoibre scrúdaithe seo d'fhéadfadh ranganna ábhair eile a dhéanamh ón aonad staidéir imlínithe ar nós *'conas a dhéantar pobail a thréithriú' 'páirtíocht agus ionadaíocht laistigh de phobail', agus 'pobail á gcur i gcomparáid lena chéile'*.Mar shampla, d'fhéadfadh daltaí ó cheantar tuaithe comparáid a dhéanamh idir a phobal agus pobal cathrach nó a mhalairt. Nó, de rogha air sin, b'fheidir go dteastódh ó mhúinteoir an cúrsa a eagrú timpeall teama ar leith nó líon téamaí m.sh. cothromaíocht inscne, ciníochas agus seineafóibe, mionlaigh, nó coimhlint ar nós an ceann atá ar siúl i dTuaisceart na hÉireann. Tá aonaid eiseamláracha teagaisc ar fáil sna Treoirlínte do Mhúinteoirí a saothraíodh don chúrsa seo. **Go hachomair, is féidir le múinteoirí cur chuige a roghnú ó na treoirlínte do mhúinteoirí nó is féidir leo a gcur chuige féin a shaothrú do theagasc na n-aonad staidéir.** Déanfaidh a lán múinteoirí an dá chur chuige a chur le chéile.

1.3.5 I gcaitheamh an chúrsa ba choir go dtabharfadh daltaí faoi dhá thionscnamh gníomhach ranga/grúpa ar a laghad. Séard is tionscnamh gníomhach ann ná ceann ina bhfuil na daltaí rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt ceiste nó ábhair atá tar éis teach chun cinn sa rang. Mar shampla, d'fhéadfadh daltaí tabhairt faoi scrúdú a dhéanamh ar na seasaimh a bhíonn ag daltaí sa scoil i leith ceist ar leith nó d'dhéadfaidís dul i mbun taighde agus eagraithe agus cuireach a thabhairt do aoi-chainteoir labhairt leis an rang ar cheist faoi leith, nó d'fhéadfaidís léiriú a thabhairt do dhaltaí eile sa scoil ar cheist ar a bhfuil staidéar déanta acu. Spreagann tionscnaimh ghníomhacha foghlaim atá gníomhach agus comhoibritheach. Sa chuid is fearr de ba chóir go n-eireodh said as spéis na ndaltaí i gceist ar leith a bhaineann le ceann d'aonaid an chúrsa. B'fheidir chomh maith go dteastódh ó

mhúinteoirí agus daltaí deis a chuardach do thionscnamh gníomhach traschuraclaim le reimsí eile ábhar. Tá samplaí ar fáil sna treoirlínte do mhúinteoirí de raon na dtionscnamh gníomhach a d'fhéadfaí tabhairt futhu.

1.3.6 Déanfar ábhar an chúrsa a láimhseáil ag leibhéal atá oiriúnach d'aois na ndaltaí do raon a leibhéal áballtachta agus do chúrsa sa timthriall sóisearach de mhéid timpeall seachtó uair san iomlán. Beidh doimhne na láimhseála soiléir ó na bunábhair agus na treoirlínte do mhúinteoirí atá saothraithe don chúrsa seo. Léireoidh na bunábhair agus na treoirlínte **gur chóir do dhaltaí ar chríochnú an chúrsa dóibh, a bheith eolasach ar raon ábhar, smaointe, coincheapa, ceisteanna & rl. agus a bheith ábalta iad seo a leiriú is a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs a saol féin**

2. AIDHMEANNA AGUS SPRIOCANNA A BHABHANN LE hOIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

2.1. AIDHMEANNA

Séard is aidhm leis an gcúrsa seo, trí scrúdú agus staidéar gníomhach ar shaoránacht ag gach leibhéal (pearsanta, áitiúil, náisiúnta agus domhanda) i gcomhthéacs ceisteanna comhaimseartha sóisialta agus polaitiúla, ná –

- daltaí a chur ar an eolas maidir le réimsí saoránacha, sóisialta agus polaitiúla a mbeatha agus ar a thábhachtaí atá saoránigh ghníomhacha, rannpháirteacha do shaol an stáit is don uile duine;

- spreagadh a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna praiticiúla a chuireann ar chumas daltaí a bheith páirteach in imoibriú gníomhach rannpháirteach sóisialta, agus páirteanna freagracha a ghlacadh mar dhuine aonair, ball clainne, saoránach, oibrí, íditheoir, agus ball de phobail éagsúla laistigh de shochai dhaonlathach;

- forbairt a dhéanamh ar chumas neamhspléach daltaí mar dhaoine óga atá foghlamtha go sóisialta, neamhspleách agus féin-mhuiníneach;

- daltaí a spreagadh chun seasaimh dhearfacha samhlaíocht agus ionbhá a fheidhmiú maidir le bheith feasach faoi, agus dul i dteagmháil le, daoine agus saíochta eile;

- a chur ar chumas daltaí a n-acmhainní breithiúnacha agus morálta a fhorbairt i gcomhréir le córas luachanna bunatihe ar chearta daonna agus freagrachtaí sóisialta

- eolas agus tuiscint a fhorbairt ar phróisis atá ag tarlúint ag gach leibhéal sa tsochaí agus a mbeidh cinneadh ar chomhairle shóisialta, pholaitiúil agus eacnamaíoch de thoradh orthu.

2.2 SPRIOCANNA

Déantar spriocanna a imléiriú i dtéarmaí **eolais, coincheapa, scileanna agus seasaimh/luachanna**. Gléas oiriúnach do bhaint amach na spriocanna seo laistigh d'Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil is ea obair ghníomhach, rannpháirteach ranga into gcuirtear treise ar fhoghlaim trí ghníomh. I rith a gcuid oibre ar an gcúrsa seo ba chóir go mbeadh cleachtadh praiticiúil ag daltaí ar na cineálacha gníomhaíochta atá liostaithe thíos.

GNÍOMHACHTAÍ TAIGHDE/AIMSITHE

Mar shampla, dul i dteagmháil le pobal nó eagraíocht deonach chun eolas a fháil

GNÍOMHACHTAÍ GRÚPA-OIBRIÚ/PLÉ

Mar shampla, gníomhaíocht ina malairtítear eolas no gníomhaíocht ina déantar céimníu ar shraith tuairimi, roghanna, grianghraif & rl.

GNÍOMHACHTAÍ CUR I gCÉILL

Mar shampla, rannpháirtiocht i gcleachtadh vótála bunaithe ar cheist a bhfuil plé nó comhrac déanta faoi.

GNÍOMHACHTAÍ AICSIN

Mar shampla, taispeantas scoile a eagrú do dhaltaí eile maidir le ceist a bhfuil staidéar déanta air; achainí a eagrú ar cheist a bhfuil tuairimí laidre ag daltaí faoi; socrú a dhéanamh do chaint don rang ó aoichainteoir.

Ni bhaineann na gníomhachtaí seo go leithliseach le hOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil agus níos mó ná sin níl siad eisiata ar a chéile mar chatagóirí gníomhachtaí. Tá siad comhshnaidhmthe le agus a gcleachtadh in a lan réimsí ábhar agus tá samplaí dá n-úsáid in Oideachas Saoránach. Sóisialta agus Polaitiúil curtha ar fáil sna Treoirlínte do Mhúinteóirí a saothraíodh don chúrsa seo.

2.2.1 EOLAS

I rith a gcuid oibre ar an gcúrsa ba chóir go bhfaigheadh daltai buneolas agus tuiscint ar -

- forbairt an duine mar neach sóisialta;
- na grúpaí eagsúla sóisialta le na mbaineann gach aon duine;
- na cearta agus na freagrachtaí atá ag gach aon duine mar shaoránach;
- struchtúr, feidhm agus oibriú eagraíochtaí tofa saoránacha agus polaitiúla. institiúidí agus córais- a n-imoibriu ar a cheile agus an chaoi inar feidir le daoine aonair a bheith pairteach iontu;
- ceisteanna tofa d'forbairt phearsanta, shóisialta agus pholaitíochta ag gach leibhéil- pearsanta, aitiúil. náisiúnta. domhanda;
- an chaoi a ndéantar agus a gcuirtear i bhfeidhm socraithe, go h-áirithe laistigh de chóras polaiticiúil daonlathach.

2.2.2 COINCHEAPA

Is é coincheap lárnach an chúrsa seo in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil na **Saoránacht - léargas ar na réimsí saoránacha, sóisialta agus polaitiúla i saol an duine aonair tri rannpháirtiocht ghníomhach sa tsochaí**. Tríd na haonaid staidéir atá leagtha amach ag 3.1 ba chóir go dtiocfadh daltaí ar thuiscint a fháil ar chonas a fhónann na seacht gcoincheap, atá ar liosta thíos, go comhchoitianta ach ní go leithliseach chun coincheap na saoranachta a chur in iúl agus a shoiléiriu.

DAONLATHAS

Ba choir a fhios a bheith ag daltai gur féidir le gach aon duine, tríd an gcóras daonlathach ag gach leibhéal den tsochaí, leas a bhaint as cumhacht trí rannpháirtiocht. Comhartha is ea an rannpháirtiocht ag leibhéal an duine aonair nó an ghrúpa den cheart agus den fhreagracht lárnach i sochaí ordúil daonlathach. Is féidir mar thoradh ar neamhpháirtiocht nó eisiamh go dtiocfadh coimhthiú, fuarchúis agus easpa freagrachta ar an duine aonair.

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

Ba chóir a fhios a bheith ag daltaí go bhfuil gach aon duine i dteideal bunchearta sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha, saoránacha, reiligiúnacha agus polaitiúla agus i gcosaint is i gcaomhnú na gcearta seo. Is é an toradh a bhíonn ar dhiúltú cearta daonna ná go n-imrítear tiarnas agus leatrom ar dhaoine. Téann freagrachtaí lámh ar láimh leis na cearta a mbronntar ar dhaoine aonaracha. Tá gach duine freagrach as a ngníomhartha i leith daoine eile ag gach leibhéal. Is é an toradh a bhíonn ar neamhfhreagracht ná gníomhartha leithliseacha nó míchúramacha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine eile ag gach leibhéal.

DÍNIT DAONNA

Ba choir daltaí a bheith feasach ar an dínit is cóir a thabhairt do gach aon duine mar dhuine daonna, agus ar an gcaoi ina bhfuil soláthar bunriachtanais (m.sh. bia, slainte, slándail, oideachas) riachtanach don dínit daonna. Is é an toradh a bhionn ar fháilli i gcomhliónadh bunriachtanas daoine ná cailliúint dínite daonna, easnamh, & rl.

SPLEÁCHAS LE CHEILE

Ba chóir daltaí a bheith feasach ar an gcomhghaol atá idir gach beatha daonna ag leibhéil aonair, pobail, náisiúnta agus domhanda. Is féidir torthaí a bheith le gníomhartha an duine aonair, uaireanta in áiteanna agus i gcúinsí nach léir dóibh riamh cheana m.sh. torthaí ar eacnamaíochtaí, gnóthaí, agus an timpeallacht de bharr a gceannaímíd mar iditheoirí, torthaí ar votaí i dtoghcháin ar fhorbairtí ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tagann dearcadh leithliseach, neamhchumhachtach agus féinleasach ar chursaí as easpa tuisceana ar spleáchas le chéile.

FORBAIRT

Is féidir forbairt a shainmhíniú mar phróiseas feabhsaithe (sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha, polaitiúil) chun freastal ar riachtanais i mbeatha daoine ag gach leibhéal (pearsanta, áitiúil, náisiúnta, idirnáisiúnta). Ba chóir a fhios a bheith ag daltaí go ndéantar forbairt a phleanáil de ghnáth agus gur féidir treoir a imirt air go minic tríd an phróiseas daonlathach. Ba chóir a fhios a bheith acu chomh maith go bhfuil an próiseas forbartha casta, conspóideach go minic, agus nach n-éirionn leis i gcónai freastal ar riachtanais gach pairtí lena mbaineann an scéal. Is é toradh a bhíonn ar easpa forbartha na meathlú agus fofhorbairt.

DLÍ

Ba chóir a fhios a bheith ag daltaí gur feidir iomaí feidhm a bhaint as dlithe agus rialacha i bpobal nó sochaí ar bith, agus réiteach siochánta ar choimhlintí, cosaint ar bheatha agus ar shealúchas &rl.san áireamh. Eagraíonn siad agus leagann said amach coráis comónta iompair do ghaolta idir daoine aonair, agus idir daoine aonair, grúpaí, agus sochaí san iomlán. Is modhanna iad trína gcinntímíd go gcosnaítear is go gcuirtear chun cinn cearta daoine aonair. Cuireann siad ár gearta in iúl mar aon lenár bhfreagrachtaí maidir le comhlíonadh na gcearta sin. Is féidir athruithe teacht ar dhlíthe is ar rialacha. D'fhéadfadh athruithe ar dhlíthe forbairtí sa tsochaí a léirfú, nó d'fhéadfadh siad a bheith mar thoradh ar ghníomhartha daoine aonair. Tá creideamh i gceart agus i gcóir bunúsach do phróiseas forbartha, feidhmithe agus luachála dlíthe. Is é an toradh a bhíonn ar aindlí agus aineolas ar luach dlithe ná diúltú cearta gach aon is gach uile duine aonair agus meathlú sa chinéal saoil i bpobail agus sa tsochaí.

MAORACHT

Ba chóir a fhios a bheith ag daltaí go mbionn gach duine, mar dhaoine aonair a saolaítear ar an bplainéad, ina (h)úinéir sealadach nó maor ar a chuirtear curam agus cumas i leith a choinneála is a chothaithe m.sh. le bainistíocht dhéantasach ar a acmhainní teoranta, aithint d'éagsúlacht chultúrtha a chiníocha, &rl. Cuirfear an mhaoracht seo ar aghaidh chuig glúnta sa todhchaí agus san áireamh ann tá cinneadh casta ar chomhairle maidir le ceisteanna achrannacha, go háirithe i réimse na forbartha ina bhfuil comhghéilleadh go minic mar aonbhealach ar aghaidh dóibhsean lena mbaineann an scéal. Is é an toradh a bhíonn ar easpa maorachta ná go creidtear gur teagmhasach is gur neamhleanúnach é ar bpáirt maidir leis an domhan nádúrtha, an timpeallacht, ciníocha is cultúir eile. Séard a tharlaíonn dá bharr seo na feiniméin ar nós laghdú neamhriachtanach in acmhainní, truailliú na timpeallachta, laghdú san oidhreacht chultúrtha, &rl.

2.2.3 SCILEANNA

Agus scrudú a dhéanamh acu ar ábhair, ceisteanna, nó feiniméin in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ba chóir go mbeadh deis ag daltaí scileanna sna catagóirí thíos a fhorbairt is a chleachtadh.

AITHEANTAS/EOLAS

Scileanna iad seo atá de dhíth ar dhaltaí ina gcéadtheagmháil le hábhair, ceisteanna, foinsí eolais, agus feiniméin, sé sin scileanna a chuireann ar chumas daltaí eolas a fháil.

ANAILÍS/MEASTÓ1REACHT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann anailís, miniú agus meastóireacht a dhéanamh ar aon ionchur a fhaigheann siad, m.sh. eolas ó chlár teilífise atá feicthe acu.

CUMARSÁID

Ba chóir do dhaltaí scileanna cumarsáide a chleachtadh is a fhorbairt - machnamh pearsanta, machnamh idirphearsanta, rannpháirtiocht grúpa agus plé, cur i láthair &rl.

AICSIN

Ba chóir do dhaltaí a bheith oilte i gcumas gníomhaithe, torthaí éispeiris, anailíse, machnaimh agus cumarsáide a chur i bhfeidh mar mhodh praiticiúil ar staid nó ceist roghnaithe. Tá gá le scileanna sóisialta is polaitiúla maidir le heagrú, modh imeachta, cinneadh ar chomhairle, votáil & rl. sa chomhthéacs seo.

2.2.4 SEASAMH AGUS LUACHANNA

Trí mheán a gcuid oibre ar an gcúrsa seo spreagfar daltaí chun luachanna a aithint agus chun seasaimh dhearfacha a fhorbairt maidir leo féin, daoine eile, an timpeallacht agus an domhan níos leithne. I measc na seasamh agus na luachanna tá:

- ceangal pearsanta a dhéanamh le soaránacht ghníomhach, dhéantasach, rannpháirteach;
- ceangal pearsanta a dhéanamh leis na coincheapa (féach 2.2.2 thuas) atá mar bhunús leis an gcúrsa in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil m.sh. ceangal le luachanna cearta daonna, freagrachtaí sóisialta agus daonlathas;
- aithint d'eolas breithiúnach agus saoirse smaoinimh bunaithe ar an eolas is na scileanna a foghlamaíodh i rith an chúrsa;
- aithint do, agus meas ar dhearcaidh, smaointe agus cultúir dhfriúla agus cumas ionbhá a dhéanamh le staid daoine aonair agus grúpaí eile;
- eolas agus meas ar na cearta agus na freagrachtaí atá ag gach duine aonair agus grúpa sa tsochaí;
- meas ar phróisis bhreithiúnacha smaoinimh agus ar shlite neamhfhoréigneacha chun coimhlint a réiteach agus chun athrú a bhaint amach sa tsochaí;
- ceangal ar chur in aghaidh claontuairim, leatrom agus eagóir ag gach leibhéal den tsochaí.

Soláthraitear creatlach thacaíochta do na daltaí i gcleachtadh na saoranáchta trí mhachnamh ar a luachanna agus a gcreideamh agus aitheantas a thabhairt dá réir.

Is íomhá iad na luachanna de na nithe sin a chreideann muid atá tábhachtach sa tsochaí.

D'fhéadfadh baint a bheith acu le caighdeán na beatha, le seasamh nó le modhanna iompair.

3. IMLÍNE AN CHÚRSA

AONAD 1: AN DUINE AONAIR AGUS SAORANACHT

Tá gach aon duine aonair tábhachtach agus sainiúil ach cad a chiallaíonn sé a bheith i do shaoránach? Cad é ar réimse **saoránach, sóisialta agus polaitiúil**? Tig linn tuiscint a fháil ar shaoránacht tri é **a thaiscéaladh is a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla** m.sh.an duine aonair, an teaghlach, an scoil, an pobal aitiúil, naisiúnta is idirnaisiúnta, an rialtas, an timpeallacht, agus an saol oibre. Ta tógail scileannna do shaoránacht doscartha ó **fhorbairt phearsanta**. Baineann na coincheapa go leir i 2.2.2 leis an aonad seo den chúrsa ach tá tábhacht ar leith ag baint leis na coincheapa maidir le **"Dínit Daonna**" agus **"Maoracht".**

AONAD 2: AN POBAL

Is bail sinn uilig de **phobail** éagsúla agus difriúla. m.sh. pobal an teaghlaigh. pobal na scoile an pobal aitiúil. Trí **chomparáid idir phobail** a dhéanamh is féidir cosúlachtaí agus difríochtaí eatarthu a aithint. **Déantar pobail a shainthréithiú agus is feidlr cur síos a dhéanamh orthu trí fheiniméin éagsúla** m.sh. a mbunúis, a mballraíocht, cearta agus dualgais a mball, na heagraíochtaí atá iontu. **Bíonn páirt agus ionadaíocht ag daoine ina lán pobal trí struchtúir agus modhanna imeachta ar leith.** Tá forbairt agus feabhsú ina sprioc thábhachtach ag mórchuid pobal. Tá na coincheapa go léir atá imlínithe i 2.2.2 ábharthach don aonad seo den chúrsa ach tá tábhacht ar leith ag baint le coincheap an "**Daonlathais"**.

AONAD 3: AN STAT-EIRE

Is féidir breathnú ar an stat mar ghrúpáil mhór pobal. Is féidir le haon duine nó le pobal féachaint le dul i bhfeidhm ar a tharlaíonn ag leibhéal náisiúnta trí **inshroichteacht a fháil ar ionadaithe agus struchtúir rannpháirteacha stáit.** Trí phairtíocht i ngrúpaí pobail eagraíochtaí.rialtas áitiúil agus struchtúir eile, is féidir linn dul i bhfeidhm ar **cheisteanna tábhachtacha forbartha náisiúnta mar aon le socruithe déanta ag léibhéal náisiúnta** a theann i gcion ar dhaoine aonair agus ar phobail áitiúla. **Mar shaoránaigh, ba chóir bunthuiscint a bheith againn ar an gcóras is ar na struchtúir polaitíochta in Eirinn. Táimíd freagrach as ionadaithe a thoghadh ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, as déanamh de réir dlí agus oird, agus as aon athrú ar an mbunreacht.** Cuireann na coincheapa "**Cearta agus Freagrachtaí", Daonlathas" agus "Dlí"** taca faoi mhórán d'ábhair an aonaid seo.

AONAD 4: ÉIRE AGUS AN DOMHAN

Is annamh a bhíonn stáit scartha amach ar leith ó stáit eile. **Cén fáth a ndéanann siad grúpáil? Conas a ndéanann siad grúpáil?** Trí staidéar a dhéanamh ar **bhallraíocht na hÉireann i ngrúpaí idirnáisiúnta - m.sh. Aontas na hEorpa, Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe** – is féidir scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna seo. Trí phairtíocht i ngrúpaí atá níos mó, is féidir le tíortha ar nós na hÉireann treoir agus freagrachtaí a bheith acu lasmuigh dá dteoraineacha. Is féidir le hÉirinn dul i bhfeidhm go díreach ar **cheisteanna forbartha domhanda**, agus trí na grúpaí stát ina bhfuil sí ina ball. Tá comhcheangal dlúth idir ábhar an aonaid seo agus na coincheapa **"Forbairt" agus "Idirspleáchas".**